# Scéal, Scéal, Scéal…

30 Bealtaine 2024 Eagrán 198

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

Guíonn muid chuile rath ar dhaltaí Chois Fharraige, agus iad ag tabhairt faoi na scrúduithe Stáit ar an gCéadaoin.

Go n-éirí an t-ádh libh!

# Ócáid Chuimhneacháin ag Dumhach na Leanbh

Beidh ócáid ar bun tráthnóna Dé hAoine, 31 Bealtaine ag 7.00 i.n ag Dumhach na Leanbh ar An Teach Mór i gcuimhne ar na gasúir atá curtha sa gcillín ar bhruach Loch Lurgan.

Beidh fáilte mhór roimh an bpobal; roimh dhaoine a bhfuil gaolta leo curtha sa gcillín go háirid. Iarrtar orthu siúd atá in ann siúl síos chuig an láthair a gcuid carranna a fhágáil ag an bPoitín Stil mar nach bhfuil mórán spás páirceála thíos ann.

Beidh mionbhus ar fáil ó 6.30 i.n do dhaoine nach mbeadh in ann siúl síos chuig an láthair. Déarfar an Paidrín agus leagfar bláthanna ag an gcrois.



*ag an nDumhach anuraidh*

Tugtar cuireadh do dhaoine teacht le chéile sa bPoitín Stil, áit a mbeidh sólaistí ar fáil tar éis na hócáide. Coiste Dhumhach na Leanbh, fochoiste de chuid Chumann Forbartha Chois Fharraige, atá i mbun na n-eagrúchán.

# Cabhair ag Teastáil

Beidh moltóireacht do **Chomórtas na mBailte Slachtmhara** ar bun go luath i mí an Mheithimh. Bíonn grúpa dílis, díograiseach amuigh chuile mhaidin Mháirt ag 10.00 r.n agus chuile Dhéardaoin ag 7.30 i.n. Tá an t-uafás curtha i gcrích acu ach teastaíonn tuilleadh cabhrach i gcónaí. Táthar ag iarraidh ar dhaoine iarracht bhreise a dhéanamh as seo go ceann cúpla seachtain teacht is tacú le barr feabhais a chur ar a bhfuil déanta go dtí seo. Tá an pobal ar fad ag breith buntáiste ar an obair dheonach, shlachtmhar atá ar bun ag grúpa beag — tugaimis ar fad lámh chúnta!

# 20 Bliain faoi Bhláth




Beidh scoth na n-ealaíontóirí as Gaeltacht Chonamara páirteach i gcoirmcheoil in Amharclann Mick Lally i gcathair na Gaillimhe ar an Máirt 4 Meitheamh ag tosú ag 8.00 i.n.

Cuireadh tús le páirtnéireacht idir Ionad Léann na hÉireann in Ollscoil na Gaillimhe agus Ealaín na Gaeltachta os cionn scór bliain ó shin le healaíon an tsean-nóis idir cheol agus damhsa i nGaeltacht Chonamara a chur chun cinn. Ceapadh ealaíontóirí cónaitheacha, cleachtóirí ardoilte ina sainréimsí féin, le deis a thabhairt do phobal na hOllscoile agus na Gaillimhe eolas a chur ar na healaíona dúchasacha. Reáchtáil siad ranganna, ceardlanna, taispeántais agus coirmeacha ceoil ar champas na hOllscoile, sa gcathair agus i gceantar Chonamara.

"*Beidh cuid de na healaíontóirí comhaimseartha is cumasaí dá bhfuil ag obair i nGaeltacht Chonamara ar an ardán in Amharclann Mick Lally, rud a fhágann gur showcase iontach don nGaeilge, don nGaeltacht, agus d'ealaíona an tsean-nóis a bheidh sa cheolchoirm neamhchoitianta seo*" a dúirt an Dr Méabh Ní Fhuartháin, Ceann an Ionaid. Is iomaí ealaíontóir as ceantair Chois Fharraige ar bronnadh gradam an ealaíontóra chónaithaigh air/uirthi agus beidh Máire Pheter Uí Dhroighneáin, Áine Ní Dhroighneáin, Máirín Mhic Lochlainn, Mairéad Ní Fhlatharta agus Seosamh Ó Neachtain ag déanamh ionadaíochta thar a gceann ar an 4 Meitheamh, le hamhráin, scéalta agus damhsa.

€10 atá ar na ticéid, **atá ar fáil ag Buy Tickets**. Rachaidh an t-airgead uilig chun sochair do Chlann Shíomóin na Gaillimhe.

Tuilleadh eolais: **irishstudies@universityofgalway.ie**.

# Féasta Ceoil an Spidéil

Is í Mí an Mheithimh mí an cheoil sa Spidéal go cinnte. Tá **sraith eile de cheolchoirmeacha** le scoth na gceoltóirí agus na bhfonnadóirí beartaithe ag Stiúideo Cuan sa Spidéal.




Tá meascán breá ar an liosta d'oirfidigh as Conamara agus as áiteanna eile ar fud Éireann agus leagtar béim ar leith ar an bhfidil i mbliana! 'Siad na deirfiúracha Liz agus Yvonne Kane, ar bronnadh Gradam Ceoil TG4 24 orthu agus a mhúin an fhidil do neart d'fhidléirí Chois Fharraige a chuirfidh tús le cúrsaí ar an Aoine bheag seo. 'Sí Zöe Conway, an fidiléara a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aici a chuirfidh clabhsúr leis an tsraith ar an 4ú Iúil. Tá sciob sceab ar thicéid do Mhartin Hayes, fear fidle an Chláir, beidh Tola Custy, fidiléara eile as Contae an Chláir le cloisteáil i gcuideachta an chláirseora Laoise Kelly. Beidh an fidiléara Caoimhín Ó Raghallaigh ag casadh leis an sárphíobaire Mick O'Brien ar an 27 Meitheamh. Tá ionadaíocht bhreá ag ceoltóirí Gaeltachta ar an gclár. Cuirfear an-fháilte aniar as Carna roimh chlann ildánach Uí Fhlatharta, Seosamh agus Caoimhe, ar an 5 Meitheamh agus beidh an fháilte chéanna roimh Chaitríona Ní Cheannabháin agus a cairde ceolmhara ar oíche na dtoghchán. Beidh na High Seas: Ciarán Ó Maonaigh, Caitlín Nic Gabhann agus Cathal Ó Cuirrín ann agus Clann Mic Ruairí as Gaeltacht Thír Chonaill ag casadh agus déanfaidh Muireann Nic Amhlaoibh ar oíche amháin, Peadar Ó Riada ar oíche eile agus Danú ar oíche eile fós, ionadaíocht ar Ghaeltachtaí an Deiscirt. Tiocfaidh Padraig Jack isteach as Árainn ar an 20 Meitheamh. Beidh Kila ar fáil le héagsúlacht a chur leis an rogha ceoil.

Níl ach 57 suíochán i Stiúideo Cuan agus moltar, dá bhrí sin, ticéid a chur in áirithe go luath. Is féidir iad **a chur in áirithe** trí Eventbrite.

# Na hEeasógaí

Beidh Na hEasógaí, sin Colm Seoighe as Ros an Mhíl agus a chuid comhcheoltóirí, Daragh Jennings agus Fionn Ó Cualáin, i mbun ceoil an Satharn beag seo, 1 Meitheamh i Seanscoil Sailearna.




Ceol sa stíl chomhaimseartha rac, le blaiseadh den daoncheol agus den cheol Gaelach a chasann an grúpa seo. Is léir go bhfuil siad báite i ndúchas ceoil agus amhránaíochta Chonamara agus iad ag cur a gcasadh féin ar chuid de na sean-chlasaicí ar nós Óra Mhíle Grá agus Pota Mór Fataí.

Tá cuid mhaith amhráin cumtha acu agus tóir mhór ar **Phiocadh Faochain** go háirid ar féidir éisteacht leis ag an nasc seo. Tá siad ar an mbóthar le beagnach dhá bhliain anois agus iad ag tarraingt lucht leanúna mór, dílis chucu féin.

Níl ach €5 ar na ticéid, a bheas le fáil ar an doras.

# Féile na Gealaí

Beidh **Féile na Gealaí** ar bun i Ráth Chairn arís i bliana. 7-9 Meitheamh dátaí na bliana seo. Féile cheoil bhliaintúil, féile champála na nGael í seo a bhíonn ar bun ar Pháirc CLG Ráth Chairn.




Tugann an fhéile ardán do cheoltóirí nua, comhaimseartha na Gaeilge agus Gaidhlig, agus beidh comhluadar ag teacht thar Shruth na Maoile arís i mbliana. Beidh Jiggy, Na Bonnymen, Super Céilí, Joy Dunlop, Cuas agus Grooveline i measc cuid de na bannaí agus na ceoltóirí a bheas ar stáitse i mbliana.


Beidh **Na Fíréin** iad féin ag casadh ag an bhFéile; iad ar ais i Ráth Chairn do cheolchoirm eisíoch ag ceiliúradh 40 bliain ó chas siad i Ráth Chairn den chéad uair riamh... fadó, fadó in Éirinn!

Tá go leor imeachtaí teaghlaigh eagraithe don Satharn: seisiúin scéalaíochta i Leabharlann Ráth Chairn, Sorcas Fanzini sa Halla Pobail, imeacht ióga teaghlaigh, ceardlann Fighting Words na Gaeltachta agus seó ceoil Draíocht an Dúlra le Gráinne Holland agus a cairde.

Pacáil an campa agus tabhair d'aghaidh soir ar Ráth Chairn Glas na Mí!

# Maidin Chaife

Beidh an mhaidin chaife mhíosúil á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Aoine 7 Meitheamh sa gCruiscín Lán ag 11.00 r.n. Ócáid í seo a bhíonn ar bun ar an gcéad Aoine de chuile mhí i sráidbhaile an Spidéil le deis a thabhairt do dhaoine seanbhunaithe sa gceantar agus nua-thagtha isteach sa gceantar casadh lena chéile, aithne a chur ar a chéile agus tacú leo siúd ar mian leo tógáil ar an méid Gaeilge atá acu. Níl le déanamh ach bualadh isteach. Ní call aithne a bheith agat ar aon duine roimh ré. Beidh cairde ann romhat!




# Spriocdháta Chuideachta

Is í an Chéadaoin 5 Meitheamh an spriocdháta le clárú le Cuideachta. Is scéim de chuid Thuismitheoirí na Gaeltachta é an clár **Cuideachta** do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Tagann grúpaí teaghlaigh le chéile go háitiúil ag ócáidí taitneamhacha, spraíúla ar bhonn rialta le gréasáin caradais agus tacaíochta a chothú. Líon teoranta spásanna atá ar fáil mar sin moltar clárú láithreach!

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag **meadhbh@tuismitheoiri.ie** nó glaoch a chur ar **091 869 571**.



# Campaí Samhraidh

Tá an-éileamh ar na campaí drámaíochta agus ar na campaí spraoi atá á n-eagrú ag an bhFóram – ach dea-scéala chugaibh: tá roinnt spásanna fós ar fáil!

**Ruaille Buaille I**
Drámaíocht do ghasúir **7–12** bliain.
1–12 Iúil i Seanscoil Sailearna.

**Ruaille Buaille II**
Drámaíocht do ghasúir **2–6** bliana.
15–19 Iúil i Scoil na bhForbacha.

**Campaí Spraoi**
Do ghasúir **7–12** bliain.
5–16 Lúnasa sa Spidéal.


cuir fios ar fhoirmeacha clárúcháin tré scríobh chuig
optchoisfharraige@gmail.com

*luaigh an cúrsa / na cúrsaí ar mhaith leat*
*clárú dó / dóibh i do theachtaireacht*

# Pobal Chois Fharraige

Cuirfidh muintir Chois Fharraige an-spéis sa tsraith nua seo, a gcuirfear tús léi ar TG4 ar an gCéadaoin 5 Meitheamh ag 8.00 i.n.

Tabharfar léargas fuinniúil, croíúil ar dhul chun cinn, ar bhuanna, ar dhúshláin agus ar theacht aniar an phobail áitiúil sa tréimhse is gnóthaí den bhliain.




Beidh Breda Hughes ó Choiste Bailte Slachtmhara an Spidéil, Tony Antaine Ó Curraoin agus a mhac Antoine as an gCnocán Glas ar a mbealach chun an chladaigh agus Diarmuid Ó Conghaile, atá ag réiteach a chriú agus a chuid currachaí d'Fhéile an Spidéil sa gcéad chlár.

Feicfear Tommy is Patrick Connolly ó Galway Girl Cruises, Siobhán Bairéad ó Choláiste Chamuis ar an Tulach agus Colm Seoighe as Ros an Mhíl, atá meallta ag saol an tsorcais don samhradh, agus Caoilfhionn de Bhaldraithe ó Sruth Yoga, atá i mbun ranganna ióga ar thrá an Spidéil, i gcláracha eile.

Tabharfar cuairt ar cheardlann an Spidéil agus beidh blas le fáil de Thaispeántas Chois Fharraige.

Breathnaigí isteach!

# Maith í Éabha!

Comhghairdeachas ó chroí le hÉabha Ní Fhátharta, Bliain a Dó, Coláiste Cholmcille, a bhain an chéad áit amach san gComórtas Blagála, a bhí á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.




Bhí an blag seo bunaithe ar scéal *An Seanleaid Meiriceánach*, a scríobh Éabha mar chuid de Sheachtain na Gaeilge sa scoil nuair a bronnadh Corn Uí Choinceanainn uirthi as ucht chomh dea-scríofa is atá an scéal seo.